



DEPARTMENT OF EDUCATION

AN ROINN OIDEACHAIS
MÄNNYSTRIE O LEAR



INVESTOR IN PEOPLE

ACHOIMRE THAIGHDE

ISSN 1366-803X

RB 7/2002

Deireadh Fómhair 2002

CRUINNEAS TEANGEOLAÍOCH A FHORBAIRT I MBUNSCOILEANNA GAEILGE

EOCHAIRTHORHAÍ

- ◆ Éiríonn páistí ina dteagmhálaithe inniúla a úsáideann an teanga go líofa agus go toilteanach.
- ◆ Sealbhaítear an chuid is mó de mhórghnéithe ghramadach na Gaeilge go héifeachtach trí úsáid na Gaeilge sa seomra ranga, gan teagasc ar leith gramadaí de dhíth.
- ◆ Is beag fianaise ar thionchar an Bhéarla ar an chuid is mó de na mórstruchtúir ghramadúla.
- ◆ Imíonn cuid mhaith de na hearráidí luatha a dhéanann páistí ina dhiaidh sin gan obair ar leith a dhéanamh orthu.
- ◆ Tá roinnt bheag réimsí ina ndéanann páistí earráidí i dtaca leis an sprioctheanga de, áfach, agus a mhaireann seal suntasach.
- ◆ Cé nach cainteoirí dúchais Gaeilge an chuid is mó de na múinteoirí, níl fianaise ann go dtarlaíonn na hearráidí toisc earráidí ó ionchur múinteoirí. Ina áit sin tarlaíonn na hearráidí mar chuid den phróiseas forbartha teanga féin.

1. CÚLRA

Tagann mórthromlach na bpáistí i ngaelscoileanna ó theaghlaigh aonteangacha an Bhéarla. Is é an chéad taithí shuntasach a bhíonn acu ar an Ghaeilge ná nuair a thosaíonn siad ar an oideachas naíonlainne, agus, toisc nach n-úsáidtear an Ghaeilge go forleathan sa phobal, den chuid is mó, bíonn an chuid is mó dá dtaithí ar an Ghaeilge sa seomra ranga. Is trí mheán na Gaeilge a dhéantar an teagasc sna naíonlanna agus sna scoileanna seo. Sealbhaíonn na daltaí an Ghaeilge trí theagmháil laethúil leis an teanga sa seomra ranga, seachas trí theagasc foirmiúil. De ghnáth éiríonn leo bheith ina gcainteoirí an-ábalta, líofa Gaeilge, agus is beag deacracht a bhíonn acu an chuid is mó de ghnéithe na teanga a shealbhú ar an toirt. Bíonn deacrachtaí ag na páistí seo le roinnt gnéithe den teanga, áfach, agus fanann a gcuid cainte éagosúil le cainteoir dúchais Gaeilge ar feadh tamaill mhaith le linn a bhforbartha. Ba é aidhm an staidéir seo ná na réimsí a raibh deacracht leo a aimsiú, an fáth a mbíonn fadhbanna leis na réimsí áirithe seo a fhiosrú, agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí an dul chun cinn sna gnéithe seo den teanga a fhorbairt.

Is ábhar inní ar leith a d'aimsigh múinteoirí ná an leibhéal cruinnis theangeolaíoch ar chóir go mbeifí ag dúil leis ag céimeanna éagsúla, agus na straitéisí is féidir a thabhairt isteach i dtaca le hearráidí teangeolaíocha na ndaltaí de. Maíonn obair ar an teangeolaíocht agus ar theoiric an tsealbhaithe teanga le gairid go mbítear ag dúil le cineálacha áirithe earráidí agus teanga á sealbhú agus leoga gur páirt tháirgiúil den phróiseas iad (féach Marcus et al 1992, Wexler 1994 mar shampla); beidh ceartú na n-earráidí gan éifeacht nó i gcásanna áirithe beidh sé ina bhac ar phróiseas nádúrtha an tsealbhaithe teanga. Ina theannta sin, is dócha nach spreagfaidh síorcheartú earráidí an líofacht. Os a choinne sin, tá sé sóiléir, sa dátheangachas seicheamhach, go n-éireoidh earráidí áirithe calctha mura dtéitear ina mbun ag an am cuí, tríd an leagan comhoiriúnach ceart a chur ina luí go láidir dearfach, nó trí aiseolas diúltach a thabhairt.

Leis sin féin, ó tharla gur beag mionstaidéar teangeolaíoch a rinneadh ar shealbhú na Gaeilge mar dhara teanga sa tumoideachas (Owens 1992, cé gur staidéar mion é, is staidéar é a rinne tuismitheoir ar aon pháiste amháin), níor léir go dtí seo cad iad go díreach na gnéithe de theanga lena ndéanann páistí meancóga, agus ar chóir go mbeadh na hearráidí ina gcúis inní agus más amhlaidh an cás cá huair ba chóir dóibh bheith ina gcúis inní.

Tarlaíonn an tumoideachas i gcuid mhór áiteanna eile diomaite de Thuaisceart Éireann, agus is féidir foghlaim ó thaithí i gceantair eile, ach níl aon eiseamláir atá go hiomlán mar an gcéanna le Tuaisceart Éireann. Ní hionann scéal na bpáistí i

ngaelscoileanna i mBéal Feirste agus na bpáistí úd mar shampla in oideachas lán-Bhreatnaise sa Bhreatain Bheag, áit a mbíonn, de ghnáth, ar a laghad roinnt bheag daltaí i ngach rang atá ina gcainteoirí dúchais Breatnaise, go fiú i gceantair ina labhraítear an Béarla go príomha (Baker 1993, Ball & Henry 1996). A bheag nó a mhór is as teaghlaigh ina labhraítear an Béarla a thagann páistí a dhéanann freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann; taithíonn na páistí seo luath-thumoideachas sa Ghaeilge. Is as teaghlaigh dháttheangacha líon beag de pháistí ar scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil an Ghaeilge ag tuismitheoir amháin nó, níos éagoitianta arís, is as teaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge amháin iad. Is lú an chosúlacht idir an tumoideachas i dTuaisceart Éireann agus tumoideachas na Fraincise i gceantair ina labhraítear an Béarla i gCeanada, áit ar teanga thromlaigh í an tumtheanga i gceantar eile seachas teanga mhionlaigh, áfach. Mar sin de, cé gur féidir rud éigin a fhoghlaim ó straitéisí i dtumchórais eile tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh de na tréithe áirithe a bhaineann le gach suíomh. Is cóngaraí, is dócha, scéal na bpáistí i ngaelscoileanna i dTuaisceart Éireann agus scéal na bpáistí i scoileanna Diwan (scoileanna Briotáinise) in áiteanna sa Bhriotáin (Favereau 1996, Stephens 1996) nó is as teaghlaigh an chuid is mó de na daltaí arb í an Fhraincise a dteanga tí, ach sa réimse seo chomh maith, tá tús go díreach curtha leis an taighde.

2. MODHEOLAÍOCHT

Bhí gá le sonraí a chruinniú ar an Ghaeilge a bhí in úsáid ag daltaí ag foghlaim na teanga i suíomh an tumoideachais, toisc nach raibh ann ach méid an-bheag sonraí ar fáil cheana féin. Ar an teanga labhartha a díriodh i dtús báire atá níos ionadaíche de ghramadach imheánaithe an pháiste toisc gur lú an tionchar uirthi ó mhonatóireacht chomhfhiosach.

Rinneadh an taighde i ngaelscoil bhunaithe. I ndiaidh na monatóireachta tosaigh agus i ndiaidh an teanga a shamplú fud fad na scoile, roghnaíodh aoisghrúpa R3, R4 agus R5 le haghaidh dianstaidéir. Sa scoil áirithe seo is ag R3 an chéim is luaithe a bhíonn na páistí ag idirghníomhú a bheag ná a mhór i nGaeilge amháin; ag aoiseanna níos óige, cé nach labhraíonn na múinteoirí ach an Ghaeilge, is minic nó is mó a thugann na daltaí freagraí i mBéarla. (Is ionann an sceál seo agus an sceál i roinnt scoileanna dátheangacha eile, go háirithe iad siúd i gCeanada (Canadian Education Association 1992) agus is cosúil gur straitéis éifeachtach í an straitéis chun ligint don sprioctheanga forbairt go nádúrtha in áit í a thabhairt ar na páistí).

De réir na múinteoirí is i R5 a thosaíonn an teanga ag éirí calctha. Roghnaíodh ochtar páistí déag, seisear as gach grúpa. Ba as teaghlaigh ina labhraítear an

Béarla na páistí a rognáíodh agus ní raibh deartháireacha ná deirfiúracha níos sine acu sa ghaeloideachas. Iarradh ar mhúinteoirí na páistí a roghnú a raibh teanga ionadaíoch acu ar leibhéal an ranga ina iomláine.

Ba é an aidhm sampla ionadaíoch a fháil den chaint spontáineach, ag clúdach an raon ba leithne ab fhéidir de chumas na bpáistí, in áit structúir ar leith a scrúdú. Sular thosaigh an taighdeoir ar an taifead, chaith sé roinnt ama i ngach rang, sa dóigh go raibh na páistí cleachta le bheith ag caint leis. Ina dhiaidh sin chuir an taighdeoir agallamh ar na páistí ina mbeirteanna agus taifeadadh a dteanga. Tairgeadh lego do na páistí óga le go dtiocfadh leo súgradh leis, agus tugadh páipéar agus ábhair líníochta do na páistí is sine, sa dóigh gur cruthaíodh atmaisféar cumarsáideach in áit staid teiste. Mhair gach taifead thart faoi 45 bomaite. Chun seans labhartha a thabhairt do pháistí nach raibh chomh sofhreagrach sin le linn na chéad taifeadtaí rinneadh taifead breise eile le gach páiste a mhair 15 bomaite.

Scríobhadh cóip de na téipeanna ag úsáid an leagan amach CED de chuid CHILDES (Córas Malartaithe Sonraí Teanga Pháistí) (Macwhinney & Snow 1990), agus rinneadh anailís orthu le lámh agus ag úsáid na gclár bainteach anailíse ar theanga pháistí CHAT chun réimsí a aimsiú a raibh agus nach raibh deacrachtaí ag baint leo. Aimsíodh, rangaíodh agus códaíodh gach earráid a bhain leis an sprioctheanga. Ina theannta sin, cuireadh córas Béarla leis, chun na comhaid a dhéanamh inúsáidte acu siúd nach bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu, mar shampla taighdeoirí ar shealbhú teanga agus ar an tumoideachas i réimsí eile. Cuirfear na comhaid leis an bhunachar sonraí CHILDES agus beidh siad ina n-áis luachmhar le haghaidh taighde bhreise amach anseo.

3. TORTHAÍ

Tá sé tábhachtach a bhéimíú go mbíonn ardchaighdeán scileanna cumarsáide ag na páistí uile ó R3 ar aghaidh; is annamh a bhíonn deacracht acu pointe a chur in iúl, agus úsáideann siad an Ghaeilge go líofa agus go toilteanach. Chomh maith leis sin, tá raon leathan foclóra agus struchtúr acu, a mhéadaíonn go gasta de réir mar a théann siad anonn in aois sa scoil. Soláthraíonn an cur chuige cumarsáideach mar sin cainteoirí an-líofa agus an-ábailta Gaeilge, atá toilteanach agus ábalta an teanga a úsáid in idirghníomhaíocht laethúil.

Cé gurb iomaí réimse de ghramadach na Gaeilge nach mbíonn deacrachtaí ag páistí leo ar chor ar bith, tá líon beag réimsí ann, áfach, lena mbíonn deacrachtaí acu. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach cúis imní iontu féin na hearráidí sa tairgeadh; is páirt nádúrtha den phróiseas sealbhaithe teanga iad, agus i

gcásanna áirithe is páirt riachtanach den phróiseas iad. Leis sin féin, tá an chuma air go bhfuil gnéithe áirithe ann nach mbíonn mar pháirt dhíomuan d'fhorbairt ghramadúil na bpáistí, ach ina áit sin, éiríonn siad calctha mar chuid reatha dá ngramadach inmheánach. Ní de thaisme a tharlaíonn na hearráidí seo, mar a bheifí a priori ag dúil leo, sna réimsí sin a bhfuil difear idir gramadach na Gaeilge agus an chéad teanga ag na páistí, an Béarla. Ina áit sin díríonn siad ar bheagán réimsí iontach sainiúla den ghramadach.

Tá sé tábhachtach a bhéimíú anseo nár chóir go mbeadh an ceartú follasach earráidí sa rang i mbun réime sa dóigh go n-éireodh leis an sealbhú teanga sa tumoideachas; mar a deir Snow (1990) agus Baker (1996), glacann cláir tumoideachais rathúla, amhail na cinn i gCeanada, le hearráidí i dteanga na ndaltaí agus déantar fócas ar an scil chumarsáideach in áit ar chruinneas na gramadaí ag na chéad chéimeanna, mar is é seo a ligeann do shealbhú teanga nádúraíoch tarlú. Is é atá sa difear idir cláir tumoideachais agus sealbhú traidisiúnta an dara teanga a theagasctar sa seomra ranga ná gurb é an norm é, a bhaineann beagnach gach páiste amach, go n-éiríonn leis an duine a bheith ina theagmhálaí maith sa dara teanga ach i gcás shealbhú an dara teanga a theagasctar, tá i bhfad níos mó difríochtaí sna leibhéil feidhmiúcháin idir daltaí.

Tá sé tábhachtach chomh maith a thabhairt faoi deara nár chóir go mbeifí ag súil le caighdeáin ró-arda sna luathchéimeanna. Léirigh staidéir a rinneadh ar thumoideachas na Fraincise i gCeanada (Genessee 1983, Carey 1991, mar shampla) gur cosúil le cainteoirí dúchais na páistí, faoi dheireadh chéim na bunscolaíochta, maidir le tuiscint sprioctheanga na Fraincise de, ach nach ionann iad i dtaca le labhairt na teanga de. Ina theannta sin, tarlaíonn earráidí gramadúla, go fiú ag céimeanna níos airde (Hammerly 1988, Selinker, Swain & Dumas 1975).

Toisc nach inmhianaithe síorcheartú na n-earráidí, agus toisc gur dócha go mbeadh sé ina bhac ar fhorbairt éifeachtach teanga, tá gá le réimsí ina dtarlaíonn earráidí fadtéarmacha a aimsiú agus an straitéis a bhaineann leo a fhorbairt a thugann ionchur cuí do dhaltaí le cur ar a gcumas a bhfadhbanna a sháru, gan cur isteach ar na próisis nádúrtha cumarsáide agus sealbhaithe.

Is ceist thábhachtach eile a thagann aníos a mhéad atá an t-athrú ina thoradh nádúrtha ar athbheochan teanga. Is é sin le rá, ní bheifí ag súil, i gcomhthéacs athbheochan teanga i gceantar nach bhfuil cóngarach do cheantar a bhfuil nós leanúnach ann an teanga sin a labhairt i gcónaí, go ndéanfaí aithris bheacht ar fhoirm na teanga a labhraítear i gceantar na 'sprioctheanga'. Tugadh faoi deara athrú caolchúiseach teanga mar fheiniméan i gcomhthéacs athbheochana i gceantair eile. Mar shampla, maíonn Davalan (1999) go bhfuil roinnt athruithe sa

Bhriotáinis agus ní hé amháin go bhfuil siad coitianta sa teanga ag cainteoirí nua na Briotáinise, ach tá siad ag dul i bhfeidhm ar theanga na gcainteoirí dúchais féin. Mar sin féin, tá idirdhealú le déanamh idir an éabhlóid nádúrtha agus an t-athrú sa teanga, agus earráidí na luathfhoghlaimoírí.

Is cainteoirí iad féin na múinteoirí a sholáthraíonn an t-ionchur do na páistí a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar dhara teanga, ach a labhraíonn í ar leibhéal cumais atá cosúil le cainteoir dúchais a bheag ná a mhór. Cé go mbíonn cainteoirí an dara teanga, is cuma cá hábailta atá siad, ag úsáid na teanga go ginearálta ar dhóigh atá éagosúil le cainteoirí dúchais ar bhealaí iontach caolchúiseacha ar a laghad, níl fianaise ar bith ann ar ionchur múinteora ar chineálacha earráidí atá le fáil i dteanga na ndaltaí; is amhlaidh is toradh iad ar oibríocht an phróisis foghlama ar na sonraí ionchuir, in áit earráidí sna sonraí ionchuir féin.

3.1 **ÁIT NACH MBÍONN FADHBANNA ANN**

Díríonn an staidéar seo ar phatrúin earráidí, ach ba cheart tabhairt faoi deara gur eisceacht earráidí agus ní an gnáthchleachtadh - go ginearálta is úsáideoirí ardchumasacha teanga iad na daltaí nach bhfuil mórán fadhbanna acu an chuid is mó de ghnéithe na teanga a shealbhú ar an toirt.

Mar shampla, is fíric shuntasach í nach mbíonn deacracht ar bith ag na páistí le hord na bhfocal sa Ghaeilge maidir le Briathar-Suibíacht de a shealbhú. Tá difear idir an Ghaeilge agus an Béarla sa dóigh go mbíonn an briathar ann roimh an tsuibíacht, in áit é a bheith ina diaidh, in abairtí simplí¹. Níl fianaise ar bith ann sna sonraí ar abairtí a bhfuil ord suibíachta - briathair an Bhéarla ann; i ngach urlabhra ilfhoclach úsáideann na páistí ord bunúsach cuí na bhfocal.

- (1) Fuair mise an clog
- (2) Thit gach rud
- (3) Tá an t-urlár fuar
- (4) Fuair mise an scór is airde sa rang
- (5) Bhí mise ag gáire

1 *Déantar anailís air seo de ghnáth de réir theoiric na teangeolaíochta ar bhogadh an bhriathair ón fhrása briathartha chuig céim níos airde, agus an tsuibíacht ag glacadh áit an cháilitheora ar chéim níos ísle (féach mar shampla McCloskey 1996). Má amharctar ar shealbhú mar leagan síos paraiméadar, ansin is léir go bhfuil na páistí go hiomlán ábalta na paraiméadair a athshocrú a shealbhúigh siad maidir lena gcéad teanga de.*

Ba chóir tabhairt faoi deara nach dtarlaíonn eolas ar áit an bhriathair mar thoradh ar earráidí a ceartaíodh go luath maidir leis seo, ná trí theagasc foirmiúil ar leith; ina áit sin, forbraíonn sé go nádúrtha trí idirghníomhú na bpáistí le sonraí teanga a tharlaíonn go nádúrtha sa seomra ranga.

Is amhlaidh an cás le hord Ainmfhocail - Aidiachta. Tá difear ann idir an Ghaeilge agus an Béarla sa dóigh go mbíonn an aidiacht i ndiaidh an ainmfhocail go ginearálta, in áit teacht roimhe. D'úsáid páistí an t-ord ceart Ainmfhocail - Aidiachta, gan mórán ar bith eisceachtaí cé go bhfuil difear idir sin agus an Béarla:

(6) Teach beag

(7) Déanaim rudaí difriúla

Tá na páistí, mar sin, ábalta roinnt mórghnéithe de ghramadach na Gaeilge a shealbhú nach ionann iad agus a gcéad teanga, an Béarla, gan fadhb ar bith.

3.2 RÉIMSÍ INA DTARLAÍONN FADHBANNA

Tá roinnt réimsí ann ina dtarlaíonn earráidí, áfach; tá cuid acu mar chuid den phróiseas fhorásach nádúrtha agus a imíonn gan obair ar leith; éiríonn roinnt bheag acu calctha sa teanga a úsáideann na páistí.

3.2.1 Earráidí Forásacha

Laghdaíonn roinnt earráidí a tharlaíonn sna haoisghrúpaí is óige as a stuaim féin le linn an tsealbhaithe gan obair ar leith de dhíth. Ina measc seo, mar shampla, tá úsáid fhocail nó fhrásaí an Bhéarla sna habairtí Gaeilge, agus úsáid briathra neamhrialta mar a bheadh siad rialta.

3.2.1.1 ÚSAID FHOCAIL AN BHÉARLA SNA HABAIRTÍ GAEILGE

Baineann páistí úsáid tháirgiúil as focail an Bhéarla, cuid den am agus deilbhíocht na Gaeilge orthu, in abairtí Gaeilge. Tá seo leitheadach i measc pháistí R3 ach maolaíonn sé; tá an chuma air go n-úsáidtear focail an Bhéarla nuair nach bhfuil an focal Gaeilge ag an pháiste nó nuair nach féidir leis teacht air go furasta óna fhoclóir meabhrach agus é ag comhrá.

(8) Tá mise ag fáil clogs fá choinne mo chéad chomaoineach (spriocleagan: Tá mise ag fáil paitíní fá choinne mo chéad chomaoineach)

- (9) Started mise ag an scoil seo
- (10) Fix siad é
- (11) Ní pay faidh mise

Is páirt an-nádúrtha é seo de luathshealbhú nádúraíoch an dara teanga agus ní comhartha é ar fhadhb fhadtéarmach ar bith. Má bhíonn easpa eolais ag an fhoghlaiméir ar an fhocal sa sprioctheanga, nó mura mbíonn sé eolach go leor air chun é a fháil óna fhoclóir meabhrach go furasta ina chomhrá, cuirtear focal ón chéad teanga ina áit. Maolaíonn seo de réir mar a mhéadaíonn eolas an fhoclóra.

3.2.1.2 RÓGHINEARÁLÚ AR FHOIRCINN BHRIATHRA

Is páirt dhearfach í de phróiseas sealbhaithe teanga róginearálú ar fhoirceann briathra – is é sin, úsáid rialacha rialta nuair is briathar neamhrialta é; is é a thaispeánann sé go bhfuil a fhios ag an fhoghlaiméir an riail rialta agus nach bhfuil siad go díreach ag foghlaim foirmeacha de ghlanmheabhair; agus, de réir Marcus et al (1992), ní bheidh ann ach go n-eascróidh forbairt na bhfoirmeacha cearta neamhrialta as níos mó teagmhála leis an fhoirm. Tá roinnt samplaí den róginearálú sna sonraí thíos.

- (12) Dulann tú mar sin
(an leagan ceart ‘Téann tú mar sin’)
- (13) Teachann an buitléir
(spriocleagan ‘Tagann an buitléir’)

3.2.2 **Earráidí a éiríonn caltha**

Bíonn líon beag de réimsí ann a mbíonn fadhb ag na páistí go fóill leo, a mhaireann go dtí céim na meánscoile go fiú. Is iad na cinn is tábhachtaí ná úsáid na copaille, ord na bhfocal i gclásail neamhfhinideacha, agus ionchorpú réamhfhocal.

3.2.2.1 AN CHOPAIL

Tá dhá mhír foclóireachta sa Ghaeilge, is iad sin *tá* agus *is*, a chlúdaíonn raon úsáidí *be* an Bhéarla. Tugtar cur síos thíos ar na cúinsí ina n-úsáidtear gach ceann acu. Cé go léiríonn abairtí le *tá* an gnáthphatrún ord focal sa Ghaeilge, is é sin Briathar-Suibíacht-Comhlánú, nuair a bhíonn comhlánú neamhchinnte ar lorg *is*, leantar é le struchtúr nach bhfuil coitianta sa Ghaeilge sa mhéid go dtéann an fhaisnéis roimh an tsuibíacht, agus go léirítear an tsuibíacht leis an tuiséal cuspóireach.

(14) Is dochtúir é

Níor éirigh leis na páistí sa staidéar seo úsáid *is* a shealbhú i dtaca leis an struchtúr seo de, agus ina áit chuir siad struchtúr le *tá* isteach nach bhfuil de réir na gramadaí sa sprioctheanga.

(15) Tá sé dochtúir

Dúradh gurb é an difear idir *is* agus *tá* ná faisnéis ar leibhéal aonair (is é sin, gné nádúrtha de dhuine aonair) agus faisnéis ar leibhéal céime (is é sin, gné dhíomuan). Anois, ní shealbhaíonn na páistí úsáid *is* de ghnáth, ach i bhfoirmlí daingnithe, agus cuireann siad *tá* ina áit. Is cosúil nach seo an cás le foghlaimeoirí na chéad teanga; mar sin deir MacMathúna (1979) mar shampla gur shealbhaigh an duine ar a ndearna sé staidéar, Máirtín, úsáid na copaille mar a bheadh sí ag duine fásta ag céim luath. Tá an t-idirdhealú céime/ aonair códaithe sa chopail i roinnt teangacha (mar shampla an Spáinnis), agus is léir gur idirdhealú é nach mbíonn deacracht ar bith ag páistí an-óga leis; bíodh sin mar atá, má shealbhaíonn siad teanga nach ndéanann an t-idirdhealú seo go hoscailte soiléir, cailleann siad, is cosúil, an ábaltacht chun an t-idirdhealú seo a shealbhú ag céim luath. Bheadh cás ann leis seo mar sin chun struchtúir na copaille a thabhairt isteach d'aon turas go luath ag céim na náischoile.

3.2.2.2 ORD NA BHFOCAL I GCLÁSAIL INFINDEACHA

I nGaeilge, is é ord na bhfocal i gclásail infindeacha ná go mbíonn an oibiacht roimh an bhriathar, ar ord neamhghnách don teanga arís é.

(16) Ba mhaith liom [an teach a thógáil]
(sampla ó Carnie 1995)

Sa staidéar seo, bhí an ghné seo den chomhréir ina cúis fadhbanna ag na páistí, a chuireann an oibiacht i ndiaidh an bhriathair i gcónaí. Cuirtear an páirteagal 'a' san áireamh in amanna agus in amanna fágtar ar lár é, ach níl ord na bhfocal ceart i gcás ar bith acu.

(17) Ar mhaith leat a dhéanamh tarracóir?
(spriocleagan: Ar mhaith leat tarracóir a dhéanamh?)

(18) Agus caithfidh tú fáil an rud sin
(spriocleagan: Agus caithfidh tú an rud sin a fháil)

- (19) Caithfidh mise a súgradh Cliffhanger
(sprio cleagan: Caithfidh mise Cliffhanger a shúgradh)
- (20) Thig leis a dhéanamh gach rud
(sprio cleagan: Thig leis gach rud a dhéanamh)

Cuireann Carnie (1995) in iúl gur comhartha ar réiteach oibiachta is ea *a*, a chuireann tús le gluaiseacht na hoibiachta roimh an bhriathar. Arís, mar an gcéanna le *is* tá mír foclóireachta aonair ann a chuireann tús le hathrú sa struchtúr, agus seo rud a mbíonn deacracht ag na páistí lena shealbhú, cé nach mbíonn fadhbanna ann le gnéithe níos ginearálta, áfach. Na struchtúir shuntasacha seo nach n-oibríonn ar an bhealach chéanna le gnéithe eile den teanga, is cosúil nach bhforbraíonn siad go nádúrtha i suíomh an tumoideachais, agus bíonn obair bhreise riachtanach, ba chóir a rá.

3.2.2.3 FORAINMEACHA AGUS RÉAMHFHOCAIL

I nGaeilge táthaíonn ainmfhocail le réamhfhocail, mar shampla:

- (21) Le mé ---> Liom
Le mise ---> Liomsa
Le tú ---> Leat
Le tusa ---> Leatsa

Teipeann ar na páistí an táthú a úsáid uaireanta agus ina áit sin úsáideann siad réamhfhocail le forainm; tarlaíonn seo go minic go háirithe le foirmeacha treisithe d'fhorainmneacha, a úsáideann páistí níos minice go ginearálta ná mar a bheifí ag dúil leis i gcomhrá ag cainteoir dúchais fásta.

- (22) An maith le tusa bláth?
(sprio cleagan: An maith leatsa bláthanna?)
- (23) Ba mhaith le mise lego
(sprio cleagan: Ba mhaith liomsa lego)
- (24) Tá mamaí agus daidí ag iad
(sprio cleagan: Tá mamaí agus daidí acu)

Mar sin féin, táthaíonn siad forainmeacha ar uairibh; is é seo an cás go háirithe le forainmeacha laga in abairtí socraithe.

(25) Ní thig leat ...

(26) Ar mhaith leat ...?

ach tarlaíonn sé i gcomhthéacsanna táirgiúla chomh maith.

Úsáideann roinnt páistí an táthú ar bhonn roghnach, in amanna úsáideann siad an chomhfhoirm (cheart) agus in amanna úsáideann siad an forainm agus an réamhfocal leo féin. Mar sin féin, is cosúil gur fhorbair roinnt páistí gramadach ina dtáthaítear forainmeacha laga le réamhfocail, ach ní mar sin a tharlaíonn sé leis an fhoirm threisithe:

(27) le mé ---> liom
ACH
le mise ---> le mise (liomsa an sprioc)

Is riail nádúrtha seo maidir leis an Ghramadach Uilíoch de; i mórán teangacha, oibríonn forainmeacha laga ar dhóigh dhifiriúil ná na cinn treisithe; mar shampla, i roinnt teangacha téann forainmeacha laga faoi aistriú oibiachta nuair nach dtarlaíonn seo do na cinn láidre, áfach. Mar sin de, thug na páistí orthu féin gramadach atá an-nádúrtha, ach mar a tharlaíonn sé ní sin an ghramadach atá in úsáid sa sprioctheanga.

D'fhéadfaí gur factóir é a chuireann leis na deacrachtaí a bhaineann le forainmeacha i ndiaidh réamhfocal go n-úsáideann na páistí forainmeacha treisithe i bhfad níos minice ná mar a d'úsáidí de ghnáth sa dioscúrsa ag cainteoir dúchais. Is féidir go n-úsáidtear an forainm treisithe níos minice sa seomra ranga ná mar a d'úsáidí é i suíomh sealbhaithe na chéad teanga.

4. CRUINNEAS A CHUR CHUN CINN

Tugadh faoi staidéar ar éifeacht ceartú follasach earráidí leis na daltaí ó R4 agus R5. D'éirigh leis seo bheith éifeachtach maidir le táthú forainmeacha agus réamhfocal de, go háirithe i gcás na bpáistí sin a d'úsáid táthú ar bhonn roghnach, ach ní raibh éifeacht ar bith leis maidir le húsáid na copaile nó le hord na bhfocal i gclásail neamhfhinideacha. Tugtar faoi deara i gcás na réamhfocal de nárbh é an fhadhb nár úsáid na páistí an fhoirm, ach go raibh an táthú roghnach i ngramadach na bpáistí.

In obair scríofa na bpáistí, bhí fianaise ann go raibh ceartú ann maidir le neamhúsáid na copaile ag na páistí ó R3 ar aghaidh, agus d'úsáid na páistí í sa scríobh in amanna agus iad ag leanúint eiseamláire go dlúth, ach ní raibh fianaise ar bith ann go ndeachaigh seo i bhfeidhm ar ghramadach na bpáistí; is léir gur rí-dhoiligh an ghné seo a athrú. Cé nach fada leitheadach sonraí foilsithe ar shealbhú na Gaeilge mar chéad teanga, tá roinnt fianaise ann nach gcruthaíonn sé seo fadhbanna do pháistí óga a shealbhaíonn an Ghaeilge mar chéad teanga. Mar sin, deir Mac Mathúna (1979) nár léirigh an páiste, ar a ndearna sé staidéar, deacracht ar bith le sealbhú na copaile. Leis sin féin, léirigh an staidéar ar ionchur ag leibhéal na naíolainne agus céim na luathbhunscolaíochta gur beag feidhm a baineadh as struchtúir na copaile. D'fhéadfaí go gcuirfeadh sé ar chumas an duine úsáid tháirgiúil na copaile a bhunú ag an chéim luath seo, le húsáid cluichí agus amhrán ina bhfuil an chopail ar fáil, ag ionchorprú struchtúr amhail 'Is dochtúir í', 'Is múinteoir é', agus úsáid na copaile, in áit 'sin' a úsáid le nithe a ainmniú. Cuireann seo leis an argóint le tús luath a chur leis an náiscolaíocht sa dóigh go mbaintear tairbhe iomlán as an luath-thréimhse sealbhaithe.

Maidir leis na daltaí nár fhorbair an chopail ag an chéim seo de, is léir go mbeidh gá le hionchur níos dírithe. Baineann ionchur úsáideach amháin leis an mhúinteoir ag athmhúnlú earráidí na ndaltaí. Tá claonadh ann an t-athmhúnlú atá chomh cóngarach agus is féidir d'fhoirm an dalta a thabhairt, agus i dtaca leis na struchtúir de nuair a úsáideann an dalta *tá* in áit *is*, baintear úsáid as an struchtúr le *ina* mar thoradh air seo, atá de réir na gramadaí, ach nach dtaispeánann don dalta úsáid *is*. Mar sin, agus athmhúnlú amhail (29) á úsáid mar fhreagra ar an dalta a úsáideann abairt amhail (28):

(28) Tá sé múinteoir

(29) Tá sé ina mhúinteoir

tá (29) de réir na gramadaí agus is é an buntáiste atá leis go soláthraíonn sé athmhúnlú cóngarach d'fhoirm an dalta, ach ní thugann sé an deis don dalta an fhoirm níos coitianta is a chluinstin go díreach i gcodarsnacht leis an fhoirm (mhícheart) *tá*.

(30) Is múinteoir é

Déanann Henry & Tangney (á chur i gcló) an argóint gur struchtúir neamhchoitianta sa teanga atá i gceist iad na réimsí a mbíonn deacrachtaí ag daltaí leo (mar shampla, ní hionann, mar sin ord na bhfocal i struchtúir na copaile agus ord na bhfocal in abairtí eile), agus mar sin tá gá le suíomh suntasach paraiméadair a shealbhú. Ní tharlaíonn seo ach amháin nuair atá brú suntasach ann ó shonraí

ionchuir. Cuireann seo an cás le haghaidh ábhair a fhorbairt ina mbíonn an chopail in úsáid go minic chomh maith, agus í a úsáid go rialta d'aon turas sa seomra ranga. Is féidir amhráin, scéalta agus clúichí a fhorbairt a úsáideann an teanga seo; thiocfadh le lipéid curtha ar rudaí sa seomra ranga, ní amháin mar 'tábla' ach mar 'Is tábla é' cuidiú le nochtadh na copaille. Beidh gá lena mhacasamhail d'ionchur maidir le hord na bhfocal i gclásail fhinideacha de. I gcuid de scoileanna tumoideachais Ghaeilge na hAlban úsáidtear an smaoineamh go héifeachtach go mbíonn 'seachtain struchtúir mar théama' ann nuair a dhíríonn gach rang ar struchtúr ar leith seal, agus d'fhéadfaí go dtiocfadh leis seo a chinntiú go soláthraítear ionchur dírithe agus go dtiocfaí ábhair mar gheall air a fhorbairt le húsáid fud fad na scoile.

Ní mór a threisiú nach mbíonn gá go ginearálta le hionchur dírithe d'aon turas, ach sa roinnt an-bheag réimsí ina n-éiríonn na hearráidí caltha. Déanann Henry & Tangney (á chur i gcló) an argóint go ndéantar i suíomh an tumoideachais luasghéarú ar phróisis an athraithe sa teanga as siocair nach sealbhaítear gnéithe suntasacha den teanga ach amháin nuair a bhíonn an fhianaise go treascrach ann ar a son sa teanga, agus i roinnt cásanna tugann suíomh an tumoideachais níos lú deiseanna chun struchtúir áirithe a chluinstin ná mar a tharlódh le sealbhú na chéad teanga. Is sna réimsí sin amháin atá ionchur breise de dhíth.

5. CONCLÚID

Tá an tumoideachas Gaeilge ag soláthar cainteoirí iontach ábalta agus líofa; tá ag éirí leis an straitéis chun teagasc tríd an teanga, in áit an teanga féin a theagasc, agus forbraíonn an chuid is mó de réimsí na teanga gan iad a theagasc go foirmiúil. Mar sin féin, i roinnt an-bheag réimsí, fanann caint na bpáistí éagosúil le cainteoir dúchais ar feadh tamaill fhada. Na gnéithe seo den teanga, a bhfuil an chuma air go bhfuil siad suntasach ar dhóigh éigin sa Ghaeilge, ní fhorbraíonn siad go nádúrtha mar gheall ar an méid agus ar an chineál ionchuir a bhíonn ar fáil i suíomh an tumoideachais, agus tá gá le hionchur dírithe ar leith; is cosúil, áfach, nach gcuidíonn an ceartú follasach ach amháin nuair a bhíonn gné in úsáid cheana féin go roghnach.

6. AN TIONSCADAL

Alison Henry (Ollscoil Uladh), Áine Andrews (Gaelscoil na bhFál) agus Pól Ó Cainín (Ollscoil Uladh) a thug faoin staidéar seo. D'íoc An Roinn Oideachais £15,000 (páirtmhaoiniú).

7. AN TUARASCÁIL

Tá an tuarascáil iomlán dar teideal “Cruinneas Teangeolaíoch a Fhorbairt i mBunscoileanna Gaeilge” ar fáil ón Roinn Oideachais, ar £5².

Is achoimre an páipéar seo ar thuarascáil taighde agus dá thairbhe sin is iad barúlacha na n-údar iad a léiríodh agus ná glactar leis gur leis An Roinn Oideachais iad.

2 Tá gach teach oideachais agus gach leabharlann i dteideal cóip amháin saor in aisce.

TAGAIRTÍ

Baker, C (1993) 'Bilingual Education in Wales': H Baetens Beardsmore (eag) European Typologies of Bilingual Education Clevedon: Multilingual Matters

Baker, C (1996) Foundations of Bilingual Education and Bilingualism Clevedon: Multilingual Matters

Ball, MJ & Henry, A (1996) 'Irish-English Bilingualism in Irish Immersion Schools': páipéar a cuireadh i láthair ag Sociolinguistics Symposium 10, Cardiff

Canadian Education Association (1992) French Immersion Today Toronto: Canadian Education Association

Carey, ST (1991) 'The Culture of Literacy in majority and minority language schools' Canadian Modern Language Review 47(5) (950-976)

Carnie, A (1995) Non-verbal Predication and Head Movement, tráchtas PhD, Massachusetts Institute of Technology

Chomsky, N (1995) The Minimalist Program Cambridge, Mass: MIT Press

Davalan, N (1999) 'Interférences linguistiques chez des enfants scolarisés en Breton' Klask 5 (97-118)

Favereau, F (1996) 'Early Bilingualism and Word Order in Breton': J Stephens (eag) Language Acquisition in Preschool: Children in Brittany, Ireland, Scotland and Wales. Cardiff: University of Wales Institute (4-21)

Genessee, F (1993) 'Bilingual Education of majority-language children: The Immersion experiments in review' Applied Psycholinguistics 4 (1-36)

Hammerley, H (1988) 'French Immersion (does it work?) and the development of the bilingual proficiency report' Canadian Modern Languages Review 45 (567-578)

Henry, A & Tangney, D (á chur i gcló) 'Functional Categories and Parameter Setting in the Second Language Acquisition of Irish in Early Childhood': M DeGraff (eag) Language Creation and Change Cambridge, MA: MIT Press

MacMathúna, S (1979) 'A prolegomena to study of language acquisition in Irish' Teanga 1 (72-90)

Macwhinney, B & Snow, C (1990) 'The Child Language Data Exchange System: an update' Journal of Child Language 17 (457-472)

Marcus, GF, Pinker, S, Ullmann, M Hollander, Rosen, TJ, & Xu, F (1992) 'Overregularisation in Language Acquisition' Monographs of the Society for Research in Child Development

McCloskey, J (1996) 'Subject and subject positions in Irish': R D Borsley & I Roberts (eag) The Syntax of the Celtic Languages, a comparative perspective Cambridge: Cambridge University Press (171-199)

Owens, M (1992) The Acquisition of Irish Clevedon: Multilingual Matters

Roberts, I & Shlonsky, U (1996) 'Pronominal Enclisis in VSO languages': RD Borsley & I Roberts (eag) The Syntax of the Celtic Languages, a comparative perspective Cambridge: Cambridge University Press (171-99)

Selinker, L, Swain, M & G Dumas (1975) 'The interlanguage hypothesis extended to children' Language Learning 25 (139-152)

Snow, MA (1990) 'Instructional methodology in immersion foreign language education': AM Padilla, HH Fairchild & CM Valadez (eag) Foreign Language Education: Issues and Strategies London: Sage

Stephens, J (1996) 'The Acquisition of Mutations in Breton': J Stephens (eag) Language Acquisition in Pre-school Children in Brittany, Ireland, Scotland and Wales Cardiff: University of Wales Institute (22-32)

Wexler, K (1994) 'Optional Infinitives, Head Movement and the Economy of Derivations': Lightfoot, D & Hornstein, N (eag) Verb Movement Cambridge: Cambridge University Press (305-350)

ACHOIMRÍ TAIGHDE NA ROINNE OIDEACHAIS (1998 GO SEA)

Science at Key Stage 4	RB 2/1998
Department of Education funded research 1997/1998	RB 3/1998
Practice in mainstream schools for children with special educational needs	RB 5/1998
An evaluation of the Craigavon two-tier system	RB 6/1998
Northern Ireland suspension and expulsion study 1996/1997	RB 1/1999
Supporting newly qualified teachers in post-primary schools	RB 2/1999
Literature review: integrated education in Northern Ireland	RB 3/1999
Department of Education funded research 1998/1999	RB 4/1999
Women in teaching: equal opportunities	RB 5/1999
Three years later: a follow-up survey of teachers who qualified in 1995	RB 1/2000
Immersion education: a literature review	RB 2/2000
From pre-school to school: a review of the research literature	RB 3/2000
The effects of the selective system of secondary education in Northern Ireland	RB 4/2000
Department of Education funded research 2000/01	RB 1/2001
Assessment of the effectiveness of the Youth Service Community Relations Support Scheme (YSCRSS) during 1998/1999 and 1999/2000, in relation to the needs of youth and community groups	RB 2/2001
An investigation of the provision for health education in schools during 1998/99	RB 3/2001
Careers provision in schools at Key Stages 3 and 4	RB 1/2002
Evaluation of Raising School Standards Initiative (RSSI) using Value Added measures of school performance	RB 2/2002
Literature review: effectiveness of different forms of interventions in the schools and youth sectors	RB 3/2002

Outcomes for pupils who received an Irish-medium education	RB 4/2002
Multiply-suspended pupils: their educational career and support projects available to them	RB 5/2002
Reducing the bureaucratic burden on schools	RB 6/2002

CUSPÓIR ACHOIMRÍ TAIGHDE NA ROINNE OIDEACHAIS

Is mór ag An Roinn Oideachais (RO) scaipeadh forleathan torthaí taighde lena chinntiú go n-imríonn sé an tionchar is mó ar pholasaí agus ar chleachtas san oideachas. Déantar Achoimrí Taighde na RO le torthaí taighde tarraingteacha, suimiúla ar furasta teacht orthu a chur ar fáil do lucht déanta polasaí, do thaighdeoirí, do mhúinteoirí, do léachtóirí, d'fhostóirí agus don phobal chun plé eolach ar cheisteanna oideachais a éascú. Ní féidir le taighde cinneadh a dhéanamh ar son lucht déanta polasaí agus ar son daoine eile a bhfuil dúil acu i gcáilíocht an oideachais a fheabhsú. Ná ní féidir leis an taighde féin an t-athrú a dhéanamh. Is féidir leis, áfach, dúshraith níos fearr a leagan le haghaidh cinneadhán trí eolas agus trí mhíniú a thabhairt ar chleachtas oideachasúil agus trí smaointe agus trí réamhthuairimí a shoiléiriú agus a cheistiú.

Is féidir teacht ar an raon iomlán d'Achoimrí Taighde RO ar Líonláithreán na RO www.deni.gov.uk/facts_figures

Is ceadmhach Achoimrí Taighde RO a fhótachóipeáil le húsáid laistigh do d'institiúid féin.

Is féidir teacht ar líon teoranta cóipeanna ó:

An Brainse Staidrimh agus Taighde
Seomra G2, An Foirgneamh Nua
An Roinn Oideachais
Teach Ráth gCaol
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Co. an Dúin
BT19 7PR

Guthán: 028 9127 9391
Facs: 028 9127 9594
r-phost: statistics2@deni.gov.uk

**Arna chur in eagar agus arna sholáthar ag An
Bhrainse Staidrimh agus Taighde,
An Roinn Oideachais**